
# Roicéad a theilgeadh





| | |
|---|---|
| **FEARAS** | Balúin mhóra (na cinn chúnga fhada is fearr mar tá cosúlacht roicéid orthu)<br><br>Caidéal balúin<br><br>Téad, nó snáth cadáis, nó dorú 3 - 4 méadar ar fad<br><br>Sop, pionna éadaigh, téip ghreamaitheach |
| **ULLMHÚCHÁN** | Bailigh an fearas |
| **CÚLRA** | Is é an t-aer a thagann as an mbalún a bhrúnn ar aghaidh é. Seo é an bealach ina oibríonn roicéad. Scaoiltear gás te ag dó as cúl an roicéid agus brúitear chun cinn é. |
| **SCILEANNA** | Ag imscrúdú agus ag tástáil |
| **GNÍOMHAÍOCHT** | Líon balún fada le haer agus lig leis.<br><br>Cad a tharlaíonn? (Imeoidh an balún go fánach fad atá an t-aer ag teacht as)<br><br>Anois cuir srian ar ghluaiseacht an bhalúin ar phíosa téide mar atá sa léaráid. (imeoidh an balún faoi luas síos an téad). |
| **SÁBHÁILTEACHT** | **Bí cúramach leis an téad.** |



# Roicéad a theilgeadh ar lean

| | |
|---|---|
| 1. | Líon balún fada le haer agus scaoil leis. |
| 2. | Breathnaigh ar a dtarlaíonn. |
| 3. | Cuir an téad tríd an sop. |
| 4. | Ceangail an téad ar dhá chathaoir agus bíodh sé teann. |
| 5. | Líon balún fada le haer agus coinnigh an t-aer ann le pionna éadaigh. |
| 6. | Greamaigh an balún leis an sop le téip ghreamaitheach. |
| 7. | Tarraing an t-iomlán siar go dtí ceann na téide, bain amach an pionna éadaigh agus... teilg do roicéad! |






Discover Primary Science and maths
www.primaryscience.ie
Ireland esero